



ELeathanach 429




Dé Luain, an 30 Eanáir 2023

An Cailín Ciúin

Tá nuacht ollmhór ann le cúpla lá anuas. Den chéad uair riamh tá scannán Gaeilge ainmnithe i gcomhair gradam Oscar! Tá an scannán sa chatagóir chéanna le scannáin atá i dteangacha difriúla. Is scannán do dhaoine fásta é.

D'éirigh go hiontach leis an scannán. Thuill sé €1 mhilliún in oifig na dticéad! Chomh maith leis sin, tá duaiseanna buaite ag an scannán cheana féin i Meiriceá, san Eoraip agus san Astráil.

Rinneadh an scannán mar chuid den tionscnamh *Cine4*. Is í an aidhm atá ag an tionscnamh seo scannáin trí mheán na Gaeilge a chur chun cinn. Caithfidh go bhfuil ag éirí leo. Comhghairdeas le gach duine a bhí ag obair ar an scannán!



Draíodóir óg Éireannach an-rathúil

Is draíodóir óg Éireannach é Aidan McCann agus tá sé tar éis an bhabhta ceannais a bhaint amach ar an seó *America's Got Talent*. Bhrúigh Heidi Klum an cnaipe óir toisc go raibh sé chomh maith sin!

Bhí sé ar chláir eile roimhe seo ar nós *Ireland's Got Talent* agus *Britain's Got Talent*. Dúirt Simon Cowell nach raibh a fhios aige conas a d'éirigh leis a bheith chomh draíochtach sin.

Tá sé soiléir go bhfuil an-tallann ag an mbuachaill óg seo agus tá súil againn go n-éireoidh go maith leis i gcraobh an chomórtais!

Gheobhaidh an buaiteoir \$500,000 mar dhuais!

Scéalta ón spás!

Cóiméad: Tá cóiméad le feiceáil sa spéir na hoícheanta seo. ZTF is ainm don chóiméad agus ní raibh sé le feiceáil ón Domhan le 50,000 bliain anuas. Tá dath glas air agus beidh tú ábalta féachaint air gan teileascóp. Beidh an radharc is fearr ar an gcóiméad ar an 1 agus ar an 2 Feabhra.

Roicéad: Is é Starship SpaceX an roicéad is mó a tógadh riamh! Faoi láthair, tá tástálacha á ndéanamh ar an roicéad chun é a ullmhú don chéad eitilt cheart, am éigin i mbliana!

D'éirigh leo tástáil iontach a dhéanamh ar an roicéad le déanaí. Is é seo an chéad uair riamh a bhí siad in ann 10 milliún punt de ghás tiomána a chur isteach i roicéad go héifeachtach.

Tá súil acu anois go mbeidh siad in ann dul chun cinn a dhéanamh agus go mbeidh an roicéad seo ag obair i gceart i mbliana!



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-
Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,



Coláiste Mhuire,
BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas
Gaeilchta & Gaelscoláochta

